An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Department of Social and Family Affairs
www.welfare.ie

NESF
An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta
National Economic & Social Forum

An Fóram um Chuimsiú Sóisialta

# An séú cruinniú den Fhóram um Chuimsiú Sóisialta

2009

# Tuarascáil na Comhdála

Tuarascáil na Comhdhála
**An Rannán um Chuimsiú Sóisialta**
Márta 2009
PRN: A10/0490
ISBN: 978-0-9563903-9-4

# An séú cruinniú den Fhóram um Chuimsiú Sóisialta

## An 4 Samhain 2009

### Tuarascáil na Comhdhála

### An Fóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta (FNES) agus an Rannán um Chuimsiú Sóisialta

# Clár


| | | |
|---|---|---|
| Réamhrá ón gCathaoirleach | | 7 |
| Cuid I | Buneolas | 11 |
| Cuid II | Léirithe Tosaigh agus plé an tSeisiúin Iomlánaigh | 13 |
| Cuid III | Cruinnithe Comhstádais | 19 |
| Cuid IV | Príomhthéamaí a Tarraingíodh Anuas ag an Ceardlanna ar<br>1) Leanaí agus a dTeaghlaigh;<br>2) Teacht ar Dheiseanna Oibre agus foghlama ar Ardchaighdeán - Daoine in Aois Oibre, go háirithe Daoine Óga agus Imircigh;<br>3) Teacht ar Sheirbhísí do Dhaoine Aosta; agus<br>4) Teacht ar Sheirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas. | 23 |
| Cuid V | Príomhthéamaí a Tarraingíodh Anuas ag an Seisiún Iomlánach Deiridh | 35 |



## Réamhrá ón gCathaoirleach

Cúis áthais is ea í dom an tuarascáil seo den séú cruinniú den Fhóram um Chuimsiú Sóisialta (FCS) a chur i láthair. Meallann an Fóram líon mór rannpháirtithe i gcónaí, agus d'fhreastail 251 air sa bhliain 2009. Uair amháin eile, bhí na rannpháirtithe an-sásta leis an lá, agus mheas breis is 60% go raibh sé ar fheabhas nó an-mhaith. Bhí daoine thar a bheith sásta le caighdeán na gcur i láthair a rinneadh ag an bhFóram. Bhain na rannpháirtithe taitneamh chomh maith as an deis líonraíocht a dhéanamh le daoine eile agus ceisteanna a phlé sna ceithre cinn de cheardlanna.

Bhunaigh an Rialtas an Fóram um Chuimsiú Sóisialta (FCS) chun deis a thabhairt do raon leathan grúpaí deonacha agus daoine ag an leibhéal áitiúil:

- A gcuid tuairimí agus taithí ar na príomhbheartais agus ceisteanna feidhmiúcháin maidir leis an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta (SNFB) a chur i láthair;
- Baic agus sriantaí ar dhul chun cinn a aithint agus moltaí a dhéanamh maidir leis an gcaoi is fearr le dul i ngleic leo; agus
- Tograí a sholáthar le haghaidh forbairtí nua agus beartais níos éifeachtaí sa todhchaí.

I mbliana ba iad na príomhthéamaí a pléadh ag na ceardlanna ná leanaí agus a dteaghlaigh; teacht ar dheiseanna oibre agus foghlama ar ardchaighdeán do dhaoine in aois oibre, go háirithe daoine óga agus imircigh; teacht ar sheirbhísí do dhaoine aosta; agus teacht ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

Bhain rannpháirtithe leas as an deis a gcuid tuairimí agus tograí a chur ar aghaidh maidir leis an SNFB (Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta), agus chun roinnt ceisteanna a chur faoi bhráid oifigigh shinsearacha de chuid ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit. Ar na ceisteanna seo bhí: a thábhachtaí is atá sé na seirbhísí agus an soláthar atá anois ann do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste in Éirinn a chosaint; a thábhachtaí is atá sé go rachadh oifigigh i ndlúthchomhar le rannpháirtithe chun éagothroime agus eisiamh sóisialta a chomhrac sna réimsí a ndíríonn an Fóram orthu; agus an éiginnteacht mhór maidir le todhaí an chistithe agus na hoibre maidir le heisiamh sóisialta i bhfianaise an ghéarchéime in airgeadas na hearnála poiblí.

Cuirfear Tuarascáil seo an Fhóraim ar aghaidh anois chuig gach Aire Rialtais agus chuig an gCoiste Comh-Aireachta um Chuimsiú Sóisialta, Leanaí agus Imeascadh, atá faoi cheannas an Taoisigh. Rachaidh sé chuig na hinstitiúid eile a thacaíonn leis an bhFóram, lena n-áirítear Grúpa na nOifigeach Sinsearach um Chuimsiú Sóisialta, an Rannán um Chuimsiú Sóisialta, agus na hAonaid um Chuimsiú Sóisialta i ranna Rialtais agus sna húdaráis áitiúla. Scaipfear é ar gach comhalta den Oireachtas, den Choimisiún Eorpach agus ar bhaill ár bhFóraim féin. Agus ar ndóigh, cuirfear cóip chuig gach duine a bhí rannpháirteach san Fhóram.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leo siúd ar fad a bhí rannpháirteach san Fhóram. Glacaim buíochas ar leith leo siúd a bhí i mbun na gceardlanna – cathaoirligh, rapporteurs, agus iad siúd a rinne cur i láthair speisialtóra. Ba mhaith liom chomh maith mo bhuíochas a ghabháil leis an fhoireann san Fhóram agus i Rúnaíocht NESDO, sa Rannán um Chuimsiú Sóisialta, agus i nGréasán Frithbhochtaineachta na hEorpa a d'oibrigh go dian chun go mbeadh an Fóram seo chomh rathúil agus a bhí.



An Dr. Maureen Gaffney
Cathaoirleach
An Fóram um Chuimsiú Sóisialta
An Fóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta

# I

# Buneolas

1.1 Tá an Fóram um Chuimsiú Sóisialta ar cheann de na struchtúir institiúide a chuir an Rialtas i bhfeidhm chun tacú le forbairt na Straitéise Náisiúnta Frithbhochtaineachta (SNFB). Tionóltar é gach bliain ag an bhFóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta i gcomhar leis an Rannán um Chuimsiú Sóisialta den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh[1]. Príomhghné is ea an Fóram de ghealltanas an Rialtais dul i gcomhairle le gach páirtí sainleasa, lena n-áirítear daoine a bhfuil taithí acu ar bhochtaineacht agus grúpaí a ionadaíonn ar a son sa chomhrac in aghaidh na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta.

1.2 Is é cuspóir an Fhóraim bhliantúil um Chuimsiú Sóisialta deis a thabhairt d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair nach bhfuil bainteach leis an bpróiseas comhpháirtíochta sóisialta:
a) A dtuairimí a thabhairt ar phríomhcheisteanna beartais agus feidhmithe;
b) Baic agus sriantaí ar dhul chun cinn a aithint agus moltaí a dhéanamh maidir leis an gcaoi is fearr le dul i ngleic leo; agus
c) Tograí a sholáthar le haghaidh forbairtí nua agus beartais níos éifeachtaí sa todhchaí.

1.3 Gheofar sa tuarascáil seo achoimire ar an séú cruinniú den Fhóram, a tionóladh an 4 Samhain 2009 ag Páirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath. Áirítear ann achoimre de na príomhphointí a tarraingíodh anuas sna ceithre cheardlann comhthreomhara, agus i bplé comhstádais; chomh maith leis na páipéir a chuir na haoichainteoirí i láthair, agus na ceisteanna a cuireadh ag na Seisiúin Iomlánacha.

1.4 Cuirfear an tuarascáil go foirmeálta chuig an gCoiste Comh-Aireachta um Chuimsiú Sóisialta, Leanaí agus Imeascadh atá faoi cheannas an Taoisigh.

[1] Is tríd an Oifig um Chuimsiú Sóisialta agus an Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine a chomhcheangal a cruthaíodh na Rannán nua seo.

# II

## Léirithe Tosaigh agus Plé an tSeisiúin Iomlánaigh

2.1 Ba í an Cathaoirleach, an Dr. Maureen Gaffney, ball den Fhóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta (FNES) a d'oscail an Fóram. Agus fáilte á fhearadh aici roimh thoscairí chuig an Fhóram dhírigh sí aire an tslua ar thábhacht na bliana 2010 mar an Bhliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta. Rinne sí tagairt chomh maith don staid reatha eacnamaíochta agus go háirithe d'airgeadas an státchiste.
Chuir an Dr. Gaffney an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Mary Hanafin, T.D. i láthair ina dhiaidh sin.

2.2 *Mary Hanafin, T.D., Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh*

Agus an cúlú reatha á chur i gcomparáid aici leis na 1980idí, liostaigh an tAire Hanafin ina hóráid na gnóthachtálacha ar fad a baineadh amach ó shin, a chiallaigh gur mór idir Éire an lae inniu agus Éire mar a bhí sí fiche bliain ó shin. Is mór an fás atá tagtha ar líon na bhfostaithe, ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh, ar an soláthar oideachais agus oiliúna agus go mór mór ar an mbonneagar. Dúirt sí go bhfuil an obair ar siúl i gcónaí chun freastal do na dúshláin atá le sárú ag Éirinn i láthair na huaire. De bharr athruithe ar íocaíochtaí leasa spreagtar daoine óga chun dul i mbun oiliúa anois agus méadaíodh faoi dhó sa bhliain 2009 líon na gcúrsaí FÁS ionas go bhfuil 128,000 áit bhreise ar fáil ar chúrsaí oideachais. Chun tacaíocht a sholáthar do sheirbhísi túslíne tugadh baill bhreise foirne ar iasacht ó ranna Rialtais eile agus sannadh líon mór díobh siúd do phoist in Oifigí Áitiúla Leasa Shóisialaigh.

Maidir le tuarascáil Mhic Cárthaigh i dtaobh chaiteachas na hearnála poiblí dúirt an tAire gur léirigh an tuarascáil réimsí éagsúla ina bhféadfaí airgead a choigilt agus go bhféadfadh an Rialtas na hathruithe molta a chur i bhfeidhm le himeacht aimsire. D'ainneoin sin dúirt sí go gcaithfí ciorruithe caiteachais a dhéanamh agus nach bhféadfaí an buiséad leasa shóisialaigh a fhágáil as an áireamh ós rud é gurb ionann é agus 37% de chaiteachas iomlán an Rialtais. Chríochnaigh an tAire a hóráid leis an ráiteas gur spéis léi tuairimí rannpháirtithe an fhóraim a chloisteáil maidir le tosaíochtaí a aithint agus an chaoi leis na daoine is mó atá i mbaol i sochaí na hÉireann a chosaint.

2.3 *Ms Anna Visser, Stiúrthóir Ghréasán Frithbhochtaineachta na hEorpa (Éire)*

Dúirt Ms Visser gur mhaith le Gréasán Frithbhochtaineachta na hEorpa go n-athnuafadh an Bhliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta (2010) an gealltanas polaitiúil go mbeadh daoine atá eisiata go sóisialta bainteach leis an bpróiseas cinnteoireachta. Bheadh sé sin tábhachtach ar chúiseanna éagsúla:

- Dúirt sí go raibh léargas daoine a bhfuil taithí acu ar bhochtaineacht ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú agus go mba cheart daoine aonair agus pobail a chumhachtú chun a bheith rannpháirteach i gceapadh beartas;
- As rannpháirtíocht mhéadaithe leanfaidh bearta níos éifeachtaí chun dul i ngleic le riachtanais daoine a bhfuil taithí acu ar bhochtaineacht agus ar eisiamh sóisialta;
- Gné ríthábhachtach is ea an rannpháirtíocht chun taithí an AE, taithí náisiúnta agus taithí áitiúil a cheangal le chéile agus beartas agus feidhmiú beartais a fheabhsú dá bharr.

Thug sí ar aird go dteastaíonn tiomantas agus acmhainní le haghaidh rannpháirtíocht, agus go n-ullmhaíonn Gréasán Frithbhochtaineachta na hEorpa rannpháirtithe chun dul i mbun díospóireachtaí i dtaobh ceisteanna beartais ag cruinnithe de chuid an AE de Dhaoine a bhfuil Taithí acu ar Bhochtaineacht, a eagraítear gach bliain ag an tír a óstálann Uachtaránacht an AE. Chuir sí Ms Karen Fitzpatrick i láthair, duine de cheathrar Éireannach a d'fhreastail ar chruinniú na bliana seo sa Bhruiséil.

2.4 *Ms Karen Fitzpatrick de chuid Ghréasán Frithbhochtaineachta na hEorpa, agus Leaschathaoirleach Aon Teaghlaigh*

Labhair Ms Fitzpatrick ar a taithí féin mar mháthair aonair bheirte a tháinig chun bheith ag brath ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus ar fhorlíonadh cíosa. Shocraigh sí dul i mbun staidéir go páirtaimseartha agus céim a fháil i bhforbairt pobail ó Ollscoil na hÉireann Má Nuad. Toisc nár chúrsa lánaimseartha an cúrsa a roghnaigh sí, ní raibh cistiú ar fáil i leith na dtáillí. Tar éis na chéad bhliana bronnadh Scoláireacht Mhílaoise Bhanc na hÉireann ar Karen, a chlúdaigh a táillí don chuid eile dá céim, a bronnadh uirthi sa bhliain 2007.

Fuair sí post sa bhliain 2008 mar chúntóir riachtanas speisialta i scoil agus shocraigh ar cháilíocht aitheanta a fháil sa réimse sin.
Ós rud é go bhfuil céim ag Karen cheana féin, ní bhfaighidh sí cistiú don chúrsa seo ar leibhéal níos ísle mar sin caithfidh sí íoc as an gcúrsa í féin.
Ní íoctar Karen ach le haghaidh na laethanta a oibríonn sí agus bíonn deacrachtaí dá bharr lena cuid taifead nuair a éilíonn sí íocaíocht an teaghlaigh aontuismitheora agus an forlíonadh cíosa.

Ar deireadh dúirt Ms Fitzpatrick go bhfuil sí ag obair i láthair na huaire agus ag leanacht ar aghaidh lena cuid oideachais, ach go bhfuil a teaghlach gafa fós i sáinn na bochtaineachta. Teastaíonn uaithi an t-aistriú ón gcóras leasa go dtí an obair a chur i gcrích, agus a bheith neamhspleách ar íocaíochtaí leass shóisialaigh. Ach buaileann sí faoi bhaic chórasacha an t-am ar fad agus í ag iarraidh sin a dhéanamh.

2.5 *An Dr John Sweeney ón gComhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta (CNES)*

Ina príomhchur i láthair dar teideal 'Conas Athdhaingniú a Cheangal le Leasú ar an mBeartas Sóisialta" phléigh an Dr John Sweeney, Anailíseoir Sinsearach Bheartais Shóisialta na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta, nádúr na staide eacnamaíochta reatha, stádas an chomhaontaithe chomhpháirtíochta sóisialta is déanaí "I dTreo 2016" agus thug léargas ar an gclár gníomhachtúcháin mar bhealach chun dul i ngleic leis an méadú suntasach ar dhífhostaíocht.

Scrúdaigh sé na ceisteanna sin trí roinnt ceisteanna a chur:

1. *Conas ar thángamar ó 'thréimhse shona' thús an aonú haois is fiche go dtí an áit ina bhfuilimid anois?*

Luaigh an Dr Sweeney roinnt ceisteanna arbh fhiú machnamh a dhéanamh orthu:

- Idir 1978 agus 1983, mhoilligh an geilleagar de 8%
- Idiri 2007 agus 2009, chaill an geilleagar 13% den fhás as a lean titim ghéar i dteacht isteach an rialtais agus méadú ar dhífhostaíocht
- Ba ionann foirgníocht agus 25% nach mór den ghníomhaíocht eacnamaíochta sa tréimhse sin
- Mhéadaigh clár comhardaithe bainc amháin de bhreis is 20% in aon bhliain amhain – comhartha rabhaidh is ea é sin go hidirnáisiúnta
- Fuair bainc na hÉireann méid is ionann le 41% den OTI ar iasacht ar na margaí idirbhainc le haghaidh infheistíochtaí a bhain le maoin
- Bhí leibhéil praghsanna 20% níos airde nach mór ná an meán i gcúig bhallstát déag an AE (ag fágáil na stáit a tháinig isteach sna blianta 2004 agus 2007 as an áireamh)

Bhí tionchar ag fachtóirí seachtracha eile ar na deacrachtaí atá ag an tír i láthair na huaire, ar nós na géarchéime sa mhargadh fophríomha sna SA, as a lean meath ar thrádáil dhomhanda agus ar na margaí idirnáisiúnta.

2. *Cad a tharla do chomhaontú "I dTreo 2016"?*

D'aithin an Dr Sweeney *I dTreo 2016* mar chomhaontú cuimsitheach a luann mórchuid gnéithe de shaol eacnamaíochta agus sóisialta na hÉireann agus atá nasctha le mórchuid straitéisí agus pleananna náisiúnta a bhfuil cúram maidir lena seachadadh roinnte i measc an rialtais lárnaigh agus an rialtais áitiúil, comhlachtaí poiblí agus comhlachtaí neamhreachtúla. Ach thug sé ar aird, más ea, roinnt réimsí ina bhfuil an comhaontú easnamhach agus dúirt gurb é an príomhlaige ná gur glacadh leis go mbeadh an méid airgid a chaitear ar bheartais shóisialta ag dul i méid i gcónaí. Ní mar sin a tharla agus tá tionchar aige sin ar chur i bhfeidhm gach mír den chomhaontú. D'aithin an Dr Sweeney chomh maith go raibh easnamh in *I dTreo 2016* maidir le tús áite a thabhairt do ghnéithe ar leith agus a cuspóirí iolracha a sheiceamhú. Dá bharr sin tá réimsí suntasacha leagtha amach sa doiciméad a bhfuil tionchar acu ar bhochtaineacht agus ar eisiamh sóisialta, ach nár seachadadh faoi mar bhí súil leis.

Thug an Dr Sweeney a chuid cainte i dtaobh *I dTreo 2016* chun deiridh leis an ráiteas go raibh bunmhíreanna an chomhaontaithe i gceart fós d'ainneoin na n-agús sin agus gur chóir leanacht ar aghaidh le seachadadh na míreanna seo agus síneadh ama a chur leis an tréimhse seachadta dá chuspóirí uileghabhálacha.

*3. Gníomhachtú Fostaíochta mar shampla de chur chuige beartais*

Chuir an Dr Sweeney tús leis an roinn seo dá chur i láthair tríd nádúr na dífhostaíochta in Éirinn a phlé.

Dúirt sé gur tábhachtaí an fad a bhíonn duine ag cuardach poist ná líon na ndaoine atá dífhostaithe ag am ar leith. Baineann an dífhostaíocht fhadtéarmach an croí as an duine agus as an tsochaí ina hiomláine agus is léir ó staid na hÉireann sna 1980idí agus ó staid na Fionlainne sna 1990idí gur gnách don dífhostaíocht fhadtéarmach agus do na costas sóisialta a ghabhann léi maireachtáil i bhfad tar éis don téarnamh eacnamaíochta teacht ar an bhfód. Ar an ábhar sin, tá gá le beartais éifeachtacha ghníomhachtúcháin chun dul i ngleic leis na fadhbanna sin.

In athbhreithniú ar bheartais ghníomhachtúcháin na hÉireann a rinneadh ag deireadh 2008, fuair an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) gurbh amhlaidh gur mhéadaigh líon na ndaoine in aois oibre a bhí ag brath ar íocaíocht leasa shóisialta faoi réir thástáil maoine idir 2000 agus 2007 le linn tréimhse rathúnais choibhneasta. Ina fhianaise sin mhol an Dr Sweeney go bhfuil gá anois le hathbhreithniú ar an gcód leasa shóisialaigh ionas go mbeidh na seirbhísí ann chun tacú leo siúd ar mian leo éirí as íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus dul isteach sa lucht saothair athuair agus go mbeidh teacht gan dua ar na seirbhísí sin acu siúd atá ina ngátar.

Dar leis an Dr Sweeney go dteastaíonn comhar idir-rannach chun gníomhachtú a chur i bhfeidhm agus gur gá chomh maith go mbeadh rialtas áitiúil agus an earnáil phobail agus dheonach bainteach leis. Fuair athbhreithniú an ECFE, ámh, go bhfuil seirbhísí gníomhachtúcháin fostaíochta in Éirinn ilroinnte ar ghníomhaireachtaí éagsúla agus go mbíonn forluí uaireanta idir a gcúraimí. Fuair siad gur teagmháil aon uaire a bhí i gceist sna seirbhísí agus gur beag obair leantach nó fianaise ar thorthaí fadtéarmacha do chliaint a bhí ann. Luaigh sé sampla thíortha Chríoch Lochlann ar nós na Fionlainne sna 1990idí mar a bhfuarthas gur féidir le leibhéal maith tacaíochta ioncaim, i dteannta beartas éirimiúla gníomhachtúcháin, a gcion féin a dhéanamh chun líon na ndaoine a fhaigheann íocaíochtaí fadtearmacha leasa shóisialaigh a laghdú. Léiríonn taithí na dtíortha sin go gcaithfidh modhanna cruthaithe post a bheith i gceist i mbeartas gníomhachtúcháin, lena n-áirítear forbairt ról an rialtais mar fhostóir na dála deiridh, chomh maith le hoideachas agus oiliúint a chur ar fáil do dhaoine aonair chun a bhfilleadh ar an lucht saothair a éascú. Dúirt an Dr Sweeney ansin gurb iad rudaí ar nós caillteanas poist, cliseadh ar shláinte agus deacrachtaí teaghlaigh is cúis le méaduithe suntasacht ar líon na ndaoine dífhostaíochta. Níor mhór straitéisí a fhorbairt chun tacú leis an líon mór daoine a bhraitheann ar Shochar Cuardaitheora Poist agus ar Liúntas Cuardaitheora Poist. Ní cás ceachtar/nó é seo, níor mhór na straitéisí seo a cheapadh mar straitéisí chomhlántacha. Dar leis an Dr Sweeney gur ar eis-sreabhadh ó líon na ndaoine dífhostaithe a chaithfear a bheith ag faire agus an taighde sa réimse seo a dhíriú. Is éard a chuireann bac ar eis-sreabhadh dá leithéid ná rátaí ard aistarraingthe ó shochair agus caillteanas scileanna, rud a laghdaíonn an dóchúlacht go bhfaighfear post dea-íoctha.

Mar fhocal scoir thug an Dr Sweeney ar aird gur crosbhóthar d'fhorbairt bheartais shóisialta in Éirinn a bheidh sna chéad chúig bliana eile. ach go bhféadfaí ardán a dhéanamh den staid reatha eacnamaíochta óna bhféadfaí athrú ó bhun a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear seirbhísí a fhaigheann cistiú poiblí ar fáil.

## Plé an tSeisiúin Iomlánaigh

2.6

Tugtar thíos roinnt de na ceisteanna agus de na tuairimí a rinne toscairí na comhdhála mar fhreagra ar na léiriúcháin tosaigh:

- Caighdeán na bpost a cruthaíodh le linn an bhorrtha;
- Is éagothrom mar a chaitear le lear mór grúpaí daoine go fóill;
- Tá gá le hinfheistíocht i gcúram leanaí ar ardchaighdeán;
- An réiteofar na fadhbanna airgeadais atá anois againn má ghearrtar siar íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus má laghdaítear pá agus tuilleamh?
- Tábhacht na hoibre a dhéanann eagraíochtaí pobail agus an baol go laghdófar an cistiú a fhaigheann na heagraíochtaí sin.

D'fhreagair an Dr Sweeney le cuntas ar an gcosúlacht idir caighdeán na bpost a cruthaíodh in Éirinn le linn an bhorrtha agus caighdeán post ar fud na hEorpa. Bunráta maith náisiúnta pá is ea a íoctar. Anois ní mór éagsúlacht jabanna a chruthú a oirfidh d'éagsúlacht socruithe agus riachtanais baile an lucht saothair.

2.7 Mheabhraigh Bernadette Lacey, Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, dúinn go raibh an méadú ar fhorbairt phobail le fiche bliain anuas tar éis líon mór struchtúr difriúla cistithe a ghiniúint, rud a chuireann leis an maorlathas a ghabhann leis. Aithníodh fírinne an ráitis sin san athbhreithniú ar struchtúir na forbartha pobail, a rinneadh chun a bheith cinnte go raibh an luach ab fhearr ab fhéidir á fháil ar an gcistiú a bhí á sholáthar.




**Karen Fitzpatrick, Anna Visser, An Dr John Sweeney, An Dr Maureen Gaffney, An tAire Mary Hanafin**

III

## Cruinnithe Comhstádais

3.1 Sna cruinnithe comhstádais, iarradh ar thoscairí díriú ar na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhthosaíochtaí agus na príomhdhúshláin atá le sárú sa staid eacnamaíochta ina bhfuilimid ag beartais agus cláir a ceapadh chun bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a laghdú?
2. Cad is féidir leis an mBliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta (2010) a dhéanamh chun na dúshláin sin a shárú?

Seo a leanas na príomhcheisteanna a tarraingíodh anuas ag na cruinnithe comhstádais.

**3.2** ***Ceist a hAon***

Mar fhreagra ar Cheist 1 – *Cad iad na príomhthosaíochtaí agus na príomhdhúshláin atá le sárú sa staid eacnamaíochta ina bhfuilimid ag beartais agus cláir a ceapadh chun bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a laghdú?*

D'aithin na toscairí roinnt príomhréimsí agus príomhchláir beartais a mheas siad a bhí tábhachtach san iarracht chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a laghdú. Aithníodh ról na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh mar chuid lárnach de bheartas an rialtais sa mhéid seo agus chuir rannpháirtithe béim ar a thábhachtaí is atá sé sochair a choimeád ag na leibhéil ag a bhfuil siad faoi láthair i gcás grúpaí a bhfuil deacrachtaí acu, ach bheadh sé tábhachtach chomh maith nach ndíspreagfadh na sochair seo a bhfaighteoirí ó obair a lorg. Mhol toscairí chomh maith go bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh ar sheirbhísí chun go mbeadh teacht níos fusa orthu ag na daoine atá ina ngátar.

D'aithin toscairí go raibh sé ríthábhachtach agus cúrsaí mar atá go mbeadh straitéis chomhtháite ann a dhíreodh ar oideachas, ar oiliúint agus ar chruthú post chun cuidiú le daoine filleadh ar an obair. Dúradh chomh maith nár mhór na grúpaí is mó atá i mbaol a bheith dífhostaithe go fadtéarmach a aithint agus an beartas a dhíriú ar na grúpaí sin.

I gcuid de na grúpaí pléadh tionscadail pobail agus an ról atá acu. Dúirt na toscairí gur beag a chosnaíonn obair na dtionscadal seo agus gur tábhachtach an méid a dhéanann siad chun dul i ngleic le heisiamh sóisialta ag an leibhéal áitiúil. D'iarr toscairí go gcoimeádfaí acmhainní na dtionscadal seo ag an leibhéal céanna agus go mbunófaí struchtúr oibre ag leibhéal náisiúnta chun tacaíocht a thairiscint do thionscadail forbartha pobail.

Luadh chomh maith an gá atá le beartas a cheapadh a dhéileálfaidh le drochthorthaí sóisialta na staide reatha eacnamaíochta. Tarraingíodh anuas ceisteanna amhail tacaíocht dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu, dóibh siúd a bhfuil taithí acu ar fhoréigin ina dteaghlaigh féin agus an méadú a d'fhéadfadh teacht ar líon na ndaoine gan dídean agus ar fhéinmharú.

***3.3*** ***Ceist a Dó***

*Cad is féidir leis an mBliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta (2010) a dhéanamh chun na dúshláin sin a shárú?*

An rud ba mhó a bhí le rá ag toscairí maidir leis an gceist thuas ná go gcaithfí imeachtaí a reáchtáil ag an leibhéal áitiúil le cúnamh ó pháirtithe leasmhara áitiúla chun go mbeadh

tionchar ag an mBliain ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta. Mhol roinnt rannpháirtithe go mbeadh comhordú idir gníomhaireachtaí stáit agus grúpaí áitiúla ríthábhachtach chun go n-éireodh leis na himeachtaí sin agus chun go mbeadh tionchar acu i ndiaidh na bliana 2010.

Bhraith rannpháirtithe gur deis a bhí sa Bhliain Eorpach chun rud a dhéanamh san fhadtéarma agus nár mhór leas a bhaint as imeachtaí chun straitéisí agus réitigh chruthaitheacha a cheapadh chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta. Ach thug toscairí ar aird go bhfuil mórchuid oibre ar bun go leanúnach agus go bhféadfaí an Bhliain Eorpach a úsáid chun an cleachtas is fearr a aibhsiú agus an rath atá ar thionscnaimh leanúnacha um chuimsiú sóisialta a cheiliúradh.

Beidh sé ríthábhachtach go gcuirfí téamaí lárnacha na Bliana Eorpaí in iúl don phobal i gcoitinne chun ceisteanna a bhaineann leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta a choimeád ar bharr chlár oibre an Rialtais. Cabhróidh feasacht i leith na gceisteanna seo agus modhanna samhlaíocha cumarsáide chuige sin.

Ar deireadh d'aithin na toscairí an Bhliain Eorpach mar dheis chun feabhas a chur ar na struchtúir atá anois ann agus chun struchtúir agus smaointe nua a fhorbairt, rud a chinnteodh go raibh toradh fadtéarmach ar an mBliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta (2010).

# IV

## Na príomhthéamaí a tarraingíodh anuas ag na ceardlanna

4.1 Roinneadh na rannpháirtithe ar cheithre cinn de cheardlanna comhthreomhara chun na príomhcheisteanna a ba spéis leo féin a bhreithniú. Bhí téamaí gach ceardlainne nasctha le clár na hÉireann don Bhliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta (2010) agus léirigh siad na ceithre théama leathana a luadh in Chlár Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta (NAPsInclusion) 2007-2016. Seo a leanas na téamaí sin:

- Leanaí agus a dTeaghlaigh;
- Teacht ar Dheiseanna Oibre agus Foghlama ar Ardchaighdeán – Daoine in Aois Oibre go háirithe daoine óga agus imircigh;
- Teacht ar Sheirbhísí do Dhaoine Aosta; agus
- Teacht ar Sheirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas

Pléadh na téamaí leathana seo, a léiríonn na tosaíochtaí um chuimsiú sóisialta a leagadh síos i dTuarascáil na Straitéise Náisiúnta um Chosaint Shóisialta agus um Chuimsiú Sóisialta (NSSPI) le haghaidh an Aontais Eorpaigh, faoin gceannteideal *"An chaoi is fearr chun tacú le teaghlaigh leochaileacha trí theacht a thabhairt ar sheirbhísí agus ar fhostaíocht".* Cuireadh san áireamh chomh maith sa phlé na prionsabail ar a bhfuil an Bhliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta (2010) bunaithe:

- **Aitheantas** do cheart daoine faoi bhochtaineacht agus faoi eisiamh sóisialta chun na dínite ina saol agus chun a bheith lánpháirteach sa tsochaí
- Méadú in **úinéireacht phoiblí** na mbeartas um chuimsiú sóisialta, ag cur béim ar fhreagracht an uile dhuine dul i ngleic le bochtaineachta agus le himeallachas
- **Sochaí níos comhtháite,** mar ar léir don uile dhuine gur chun leasa na sochaí ar fad deireadh a chur le bochtaineacht.
- **Tiomantas na ngníomhaithe ar fad,** mar go dteastaíonn iarracht fhadtéarmach ag gach leibhéal rialachais chun fíor-dhul chun cinn a dhéanamh.

Tugadh cur i láthair i ngach ceardlann ar phríomhcheist beartais a bhain leis an téama leathan a bhí idir chaibidil agus cuireadh torthaí gach ceardlainne i láthair na tseisiúin iomlánaigh ag rapporteur a sannadh don ghrúpa. Gheofar achoimre thíos ar na príomhcheisteanna a tarraingíodh anuas ag gach ceardlann.

## Ceardlann 1 – Leanaí agus a dTeaghlaigh

- **Cathaoirleach***:* Liz Canavan, Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
- **Cainteoir***:* Jim Mulkerins, An tAonad um Chuimsiú Sóisialta, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta;
- **Rapporteur**: Joan O'Flynn, An Rannán um Chuimsiú Sóisialta, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

4.2 Thug Mr Mulkerrin cur i láthair gearr ar an ngaol idir an bhochtaineacht agus míbhuntáiste oideachais. D'aibhsigh sé raon na dtionchar ar mhíbhuntáiste oideachais. Orthu seo tá:

- teacht agus tairbhe an pháiste as eispéireas dearfach maidir le cóiríocht, sláinte agus tacaíochtaí mothúchánacha agus oideachais ag an mbaile;
- eispéireas tacaíoch pobail agus scoile.

Dhírigh an cur i láthair aird ar thionchar an mhíbhuntáiste ar leanaí, lena n-áirítear easpa féinmheasa, easpa teacht ar acmhainní spóirt agus cultúrtha, agus caighdeán sláinte idir fhisiceach agus mheabhrach atá faoi bhun an mheáin.

Tugadh cur síos ar raon leathan na n-idirghabhálacha rialtais chun dul i ngleic le mhíbhuntáiste oideachais, amhail DEIS, an Plean Gníomhaíochta um Chuimsiú Oideachais; an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais; an Clár Críochnaithe Scoile; tacaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta; laghdú ar chóibheas múinteoirí agus daltaí sna scoileanna is mó míbhuntáiste; ctacaíochtaí síceolaíochta, agus tuilleadh nach iad.

Thagair an cur i láthair chomh maith do dhíospóireacht leanúnach beartais agus taighde i dtaobh a fhiúntaí is atá sé acmhainní a dhíriú ar scoileanna faoi mhíbhuntáiste, ar cuid den cheist sin a mhéad a n-éiríonn le spriocaimsiú mar sin acmhainní a chur ar fáil do leanaí agus do scoileanna iarbhír. Mar shampla:

- clúdaíonn clár DEIS 876 den 4,035 scoil sa Stát (22 faoin gcéad);
- freastalaíonn 50% de 'pháistí faoi mhíbhuntáiste' ar 22 faoin gcéad de scoileanna; agus
- freastalaíonn 50% de 'leanaí faoi mhíbhuntáiste' ar 78 faoin gcéad de scoileanna.

Aibhsíodh chomh maith an t-idirdhealú idir tacaíochtaí foghlama a sholáthar chun dul i ngleic le míbhuntáiste agus tacaíochtaí a sholáthar chun dul i ngleic le deacrachtaí foghlama.

Ina dhiaidh sin dhírigh an díospóireacht cheardlainne ar theacht ar sheirbhísí agus ar thacaíocht ioncaim.

4.3 Sa díospóireacht i dtaobh theacht ar sheirbhísí, ba í an cheist ba mhó ná a thábhachtaí is atá sé cineálacha cur chuige comhtháite a fhorbairt chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais. Go sonrach, tá sé tábhachtach go nascfadh forbairt agus feidhmiú seirbhísí oideachais leanaí, a dteaghlaigh, a scoileanna agus a bpobail go héifeachtach. Aibhsíodh idirghabhálacha chun tacú leis an luathoideachas, chun míbhuntáiste oideachais a sheachaint, chun litearthacht a chur chun cinn agus chun tacú le críochnú na scolaíochta foirmeálta ag líon níos mó daoine óga. Níor mhór d'idirghabhálacha éagsúlacht na ndaonraí scoile agus pobail a aithint agus meas a léiriú uirthi agus a bheith leanbhlárnach agus duinelárnach seachas aonfhoirmeach.

4.4 Aibhsíodh chomh maith an raon leathan struchtúr agus clár pobalbhunaithe a chomhlánaíonn an soláthar reachtúil oideachais. Dúradh go raibh an-tábhacht leis na seirbhísí áitiúla pobail seo agus go dteastaíonn acmhainní éifeachtach agus inmharthana

uathu chun gur féidir leo leanacht ar aghaidh ag tairiscint tacaíochtaí réamhscoile agus iarscoile do leanaí leochaileacha agus dá dteaghlaigh.

4.5 Sa díospóireacht ar thacaíocht ioncaim, díríodh go mór ar an ngá atá ag daoine dífhostaithe le tacaíochtaí ioncaim a fhreagraíonn dá gcúinsí. Aibhsíodh chomh maith eágsúlacht an chóhórt dhífhostaithe. Mar shampla, is éagsúil na gcúinsí atá ag daoine atá dífhostaithe le fada an lá; daoine atá dífhostaithe den chéad uair nó le tamall beag; daoine a bhfuil uaireanta oibre laghdaithe acu; agus grúpaí ar nós fear óg agus tuismitheoirí aonair, agus ní mór freagairtí a chur in oiriúint do gach grúpa díobh. Dúradh nár mhór do rátaí leasa shóisialaigh a bheith leordhóthanach chun gur féidir le daoine maireachtáil faoi dhínit.

4.6 Tá gá chomh maith le freagairtí solúbtha beartais a aithníonn bonn scileanna lucht dífhostaíochta. Orthu sin tá freagairtí a éascaíonn daoine chun dul i mbun oideachais agus oiliúna, obair dheonach a dhéanamh agus dul i mbun oibre sa phobal. Aibhsíodh chomh maith an smaoineamh gur chóir do scéimeanna a fhaigheann cistiú Stáit a bheith 'ina bhfostóirí na dála deiridh'. Ba chóir smaoineamh ar rannpháirtíocht sna cineálacha tionscnamh seo mar thacaíocht dhearfach do dhaoine, in ionad a dtacaíocht ioncaim a laghdú dá bharr.

4.7 Aibhsíodh chomh maith an strus mothúchánach a ghabhann le bheith dífhostaithe den chéad uair. Ní mhór do fhreagairtí beartais dul i ngleic leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar dhaoine, lena n-áirítear iompraíochtaí a chuireann daoine i mbaol agus an tionchar ar mhothúcháin agus ar mheabhairshláinte.




**Jim Mulkerrins: Ceardlann 1 – Leanaí agus a dTeaghlaigh**

## Ceardlann 2 – Teacht ar Dheiseanna Oibre agus Foghlama ar Ardchaighdeán – Daoine in Aois Oibre, go háirithe daoine óga agus imircigh

- **Cathaoirleach***:* Deirdre Shanley, Seirbhísí Tacaíochta Fostaíochta – An RGST
- **Cainteoir***:* Anne Gilton, An tAonad um Chuimsiú Sóisialta - FÁS;
- **Rapporteur**: An Dr Anne Marie McGauran, Anailíseoir Sinsearach Beartais – ECFE.

4.8 Thug cur i láthair Anne Gilton cuntas ar obair FÁS chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus freagairt don ghéarchéim reatha. Ina measc sin tá:

- Promhadh ó thaobh an chomhionannais ar bheartais, ar chláir agus ar sheirbhísí;
- Méadú ar oiliúint do chuardaitheoirí poist; agus
- Cláir phobalbhunaithe chun teacht a thabhairt ar an fhoghlaim i gceantair áitiúla, arna n-eagrú le heagraíochtaí pobail, deonacha agus poiblí.

Tá treoirscéim um chuimsiú sóisialta á reachtáil le tuismitheoirí aonair i gceantar Bhaile Átha Cliath, ag díriú orthu siúd nach bhfuil teacht acu ar líon iomlán na gclár FÁS.

4.9 Tá aird á díriú chomh maith ar dhaoine óga dífhostaithe (daoine óga nach bhfuil fostaithe, i mbun oideachais nó oiliúna – lucht NFOO). Dhúblaigh an ráta dífhostaíochta i measc daoine idir 15 agus 19 mbliana d'aois ón tráth seo anuraidh. Ar an tslí chéanna tá níos mó aird á tabhairt ar dhaoine ar beag a scileanna, lena n-áirítear oiliúint a chur chun cinn d'fhostaithe ar beag a scileanna.

4.10 Sa díospóireacht cheardlainne a tharla ina dhiaidh sin, tharraing rannpháirtithe anuas mórán ceisteanna sa chéad luath uair an chloig agus astu seo roghnaíodh sé cinn de phríomhcheisteanna le plé níos doimhne a dhéanamh orthu san uair an chloig dheiridh den cheardlann. Ba iad na sé phríomhthopaic sin:

1. An gá atá le deiseanna fostaíochta agus cruthú post;
2. An gá atá le hidirghabhálacha bríocha oiliúna agus oideachais do chách;
3. Roinnt ceisteanna a bhaineann le himircigh agus/nó lucht iarrtha tearmann, lena n-áirítear:
   a. éileamh ar cheadanna oibre seachas íocaíochtaí leasa shóisialaigh,
   b. teacht ar oiliúint,
   c. fad an phróisis iarrtha tearmainn, agus
   d. aithint cáilíochtaí;
4. Freagrúlacht na ngníomhaireachtaí reachtúla;
5. Ról na n-eagraíochtaí pobail sa ghéarchéim – cé a dhéanfaidh a gcuid oibre muna mbíonn siad féin ann? agus
6. Ní mór comhionannas agus cuimsiú sóisialta a chur i ngníomh, ní leor bheith ag caint faoi.

Dhírigh formhór na díospóireachta ar an gcéad cheithre cinn díobh seo.

4.11 *Ar cheist a haon, deiseanna fostaíochta agus cruthú post -*
Pléadh an smaoineamh go bhféadfadh an Stát a bheith mar fhostóir na dála deiridh a thiocfadh i bhfeidhm dá mba rud é nach bhféadfadh le duine dífhostaithe post a fháil áit ar bith eile.

4.12 Léiríodh imní mar gheall ar an 'méadú ar lucht dífhostaíochta'. Agus muid ag díriú ar fhás ginearálta eacnamaíochta, ní mór díriú ar chruthú post mar chuspóir ann féin.

4.13 Obair dheonach – An bhféadfaí scileanna lucht dífhostaíochta a mheaitseáil le riachtanais sa phobal? Is mór mar a chabhraíonn saorálaithe leis na heagraíochtaí ina n-oibríonn siad agus féadfaidh daoine scileanna nua a ghnóthú as obair dheonach. Ní mór aird a thabhairt ar cheisteanna mar chostas cúram leanaí, agus costais taistil a thabhódh saorálaithe, chomh maith le haon deacrachtaí a bheadh le sárú ag saorálaithe agus iad ag éileamh sochar leasa shóisialaigh ag an am céanna.

4.14 Thug roinnt rannpháirtithe ar aird nach bhfuil gach fostóir ag gníomhú go freagrach sa ghéarchéim seo agus go bhfuil cuid acu ag baint buntáiste as an gcúlú chun baill foirne a ligean chun siúil, nó chun dúshaothrú a dhéanamh ar fhostaithe.

4.15 Moladh amháin a rinneadh chun déileáil le fadhb na dífhostaíochta ná an tseachtain oibre a laghdú go ceithre lá chun na poist atá anois ann a chaomhnú.

4.16 *Maidir le ceist a dó, idirghabhálacha bríocha oiliúna agus oideachais:*
Ba cheart d'oiliúint a ofráiltear do dhaoine a chailleann a bpost a bheith oiriúnach don duine agus do na scileanna atá aici nó aige. Mar shampla, ní dócha go mbeidh oiliúnt i dtáthú ag teastáil ó speisialtóir dífhostaithe i dTeicneolaíocht an Eolais.

4.17 Ní mór chomh maith oiliúint a chur ar dhaoine a bheidh oiriúnach do na poist atá ar fáil. I bpobal amháin, oileann Ionad Acmhainne Teaghlaigh daoine chun go mbeidh siad oilte do na poist atá ar fáil sa cheantar. D'fhéadfadh eagraíochtaí pobail agus gníomhaireachtaí reachtúla dul i gcomhar chun an cur chuige seo a chur chun cinn.

4.18 Ceist eile a bhí ag rannpháirtithe ná cén fáth ar ghá do dhaoine a bheith dífhostaithe ar feadh roinnt míonna sula gcáilíonn siad do liúntais um Fhilleadh ar an Oideachas.

4.19 *Ar cheist a trí, imircigh agus lucht iarrtha tearmann:*
Ba mhaith le lucht iarrtha tearmainn a bheith in ann obair a dhéanamh fad a bhíonn a n-iarratas á bpróiseáil. Is féidir leo bheith ina saorálaigh, i láthair na huaire, nó obair suas go Leibhéal 4 d'oiliúint FETAC. Gan an rogha sin, tá seans maith go gcaillfidh siad a gcuid scileanna de bharr an méid ama a thógann sé iarratas ar thearmann a phróiseáil.

4.20 Ní bhíonn teacht ag imircigh nach saoránaigh Éireannacha iad nó nach bhfuil cead cónaithe acu in Éirinn acu ar sheirbhísí áirithe. Mar shampla, munar saoránach Éireannach leanbh an imircigh, beidh orthu a thrí oiread de na táillí ollscoile a íoc fiú má fuair siad a gcuid oideachais sa tír seo. I gcás lucht iarrtha tearmainn agus imirceach araon, fadhb is ea í aitheantas a fháil do cháilíochtaí a gnóthaíodh thar lear.

4.21 *Ar cheist a ceathair, freagrúlacht na ngníomhaireachtaí reachtúla:*
Dúirt rannpháirtithe go bhfuil freagairt FÁS ar an ngéarchéim dhífhostaíochta ró-mhall, agus a gcuid cúrsaí as dáta. D'iarr siad conas a shocraíonn FÁS cad iad na cúrsaí a rithfear, agus an bhféadfadh ceardchumainn áitiúla, fostóirí agus an Rialtas a bheith bainteach leis na cinntí sin? Moladh chomh maith gur fhiú é do FÁS a bheith réamhfháistineach trí réimsí den margadh saothair ar dóigh go bhfásfaidh siad a aithint, agus oiliúint a sholáthar do phoist a cheaptar a bheidh ar fáil.

4.22 Idir an dá linn níl aon straitéis ann chun déileáil leis na riachtanais dhifriúla atá ag grúpaí éagsúla daoine sa ghéarchéim reatha. Tá gá le straitéis a fhéachfaidh ar riachtanais daoine óga, imirceach, daoine a chaill a bpost le gairid agus mar sin de. Ba cheart straitéis uileghabhálach a cheapadh arbh fhéidir bearta áitiúla a chur i gcrích laistigh de.

4.23 Níor mhór dul i ngleic chomh maith le baic chórasacha a bhíonn le sárú ag daoine agus iad ag aistriú ó íocaíochtaí leasa shóisialaigh go dtí an oiliúint agus an t-oideachas agus go dtí saol na hoibre.

## Ceardlann 3 – Teacht ar Sheirbhísí do Dhaoine Aosta

- **Cathaoirleach***:* Gerry Mangan – Stiúrthóir, an Rannán um Chuimsiú Sóisialta – An RGST;
- **Cainteoirí***:* Michael Murchan – An Oifig do Dhaoine Aosta, Ed Murphy – Uachtarán Chumann Cúram Baile Príobháideach na hÉireann;
- **Rapporteur**: Liz Sullivan – An Rannán um Chuimsiú Sóisialta, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

4.24 Thug cur i láthair Mr Murchan cuntas ar na trí phríomhshnáithe a ghabhann le seirbhísí sláinte agus sóisialta do dhaoine os cionn 65. Is iad sin seirbhísí cúraim chónaithe, seirbhísí pobalbhunaithe agus Cothrom na Féinne. Níor gearradh siar seirbhísí do dhaoine aosta ar chor ar bith sa bhliain 2009. Is é príomhfhócas beartais daoine a choimeád ina gcónaí ina bpobail féin, agus ar aon dul leis sin tá pacáistí cúraim baile rollta amach ag FSS le trí bliana anuas. Rinneadh dhá cheann de mheastóireachtaí ar na scéimeanna seo le deireanas.

4.25 D'aibhsigh Mr Murphy go bhfuil deis againn foghlaim ó thíortha eile mar a gcuirtear an bonneagar, na hacmhainní agus an pearsanra a theastaíonn laistigh de phobail ar fáil mar chuid den fhócas ar sheirbhísí do dhaoine aosta. Bheadh sé tábhachtach é sin a dhéanamh in Éirinn chomh maith, mar go dtiocfaidh fás gasta ar líon na ndaoine aosta sna blianta beaga romhainn. Lena chois sin, tá gá le straitéis um chuimsiú sóisialta/chúram sóisialta do dhaoine aosta agus gach ceann de na seirbhísí atá de dhíth i gceist inti. Ba cheart rogha seirbhísí ar ardchaighdeán a thabhairt do dhaoine aosta, mar aon le teacht ar na seirbhísí sin a chur ar fáil do chách.

4.26 Dúirt Mr. Mangan arís gurb é optamú an chúraim bhaile príomhchuspóir an bheartais do dhaoine aosta. An ceist is tábhachtaí anseo ná conas a gcuirear an cúram sin ar fáil. Níor mhór cúram baile/teaghlaigh a chomhlánú le raon seirbhísí agus acmhainní. Tá gá le cur chuige comhtháite i leith tithíochta, sláinte, agus bonneagar pobail. Idir an dá linn tá beartas na hÉireann inchomparáide leis an mbeartas i dtíortha eile, ach an rud is tábhachtaí ná na beartais roghnaithe a chur i ngníomh go héifeachtach.

4.27 Seo a leanas roinnt ceisteanna tosaíochta a aontaíodh ansin ó na díospóireachtaí ceardlainne:

- Ba cheart don bheartas iomlán díriú ar dhaoine aosta a choimeád sa bhaile agus ina bpobail, agus raon iomlán seirbhísí agus acmhainní a sholáthar mar chomhlánú.
- Tá gá le raon seirbhísí a chomhtháthú agus a chomhordú (m.sh. seirbhísí sláinte, tithíochta, fóillíochta, bonneagair phoiblí), ag leibhéil áitiúla agus náisiúnta
- Níl riachtanais liachta nó cúraim ag gach duine aosta. Tá sé tábhachtach taithí daoine aosta agus an méid a dhéanann siad a aithint, agus tacú lena rannpháirtíocht ghníomhach.
- Ba cheart don Straitéis um Aosú Dearfach díriú go príomha ar chaighdeán saoil daoine aosta a fheabhsú, agus a rannpháirtíocht ghníomhach a mhisniú.
- Ní mór tacú le riachtanais/staid grúpaí ar leith, mar shampla Taistealaithe, daoine aosta atá buailte le néaltrú
- Ní mór d'Éire dul i mbun pleanála do dhaonra atá ag dul in aois, agus foghlaim ó thíortha eile.
- Tá sé tábhachtach tacaíocht a chur ar fáil do chúramóirí.
- Tá sé tábhachtach go mbeadh pacáistí cúraim bhaile ar fáil agus go mbeadh teacht ag daoine orthu.
- Tá gá le reachtaíocht agus le cur chuige caighdeánaithe i leith pacáistí cúraim bhaile.

4.28 Ina dhiaidh sin, roghnaigh na rannpháirtithe ceardlainne trí cheist a chuirfí faoi bhráid phainéal na gcathaoirleach sa Seisiún Iomlánach deiridh. B'iad seo na ceisteanna:

1. Má ghlactar leis gurb é an fócas foriomlán beartais daoine aosta (lena n-áirítear daoine ó chúlraí difriúla agus a bhfuil riachtanais ar leith acu) a choimeád ina dtithe agus ina bpobail, arna gcomhlánú le raon iomlán seirbhísí/acmhainní, ansin conas a léireofar é sin i bhfoirm beartais, go háirithe sa Straitéis um Aosú Dearfach?

2. Conas is féidir an gá a admhaítear atá ann chun raon seirbhísí (m.sh. seirbhísí sláinte, tithíochta, iompair, fóillíochta, bonneagair pobail) a chomhtháthu/a chomhordú a chur in iúl go háitiúil agus go náisiúnta?

3. Admhaítear go ginearálta an gá atá le tacú le rannpháirtíocht ghníomhach agus meas a léiriú ar an méid a dhéanann daoine aosta. Conas is féidir é sin a chosaint sna blianta romhainn, go háirithe agus cistiú don obair seo faoi bhagairt, mar atá i láthair na huaire? Cén fheidhm a d'fhéadfadh a bheith ag an mBliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta (2010)?



**Ceardlann 3 – Teacht ar Sheirbhísí do Dhaoine Aosta**

## Ceardlann 4 – Teacht ar Sheirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas

- **Cathaoirleach***:* Siobhan Barron, CEO – An tÚdarás Náisiúnta Míchumais;
- **Cainteoirí:** Siobhan Barron, CEO – An tÚdarás Náisiúnta Míchumais;
- **Rapporteur***:* Carol Bourke – An Rannán um Chuimsiú Sóisialta, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

4.29 Thug Ms Barron cur i láthair gearr ar dtús inar thug sí gearrchuntas ar ról an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus ar na struchtúir agus na hardáin éagsúla atá ar fáil chun príomhcheisteanna daoine faoi mhíchumas a aibhsiú.

4.30 Seo a leanas roinnt ceisteanna tosaíochta a aontaíodh ó na díospóireachtaí ceardlainne:

**Ceisteanna leathana:**

- Fadhb is ea teacht ar fhoirgnimh phoiblí agus ar leithris agus trasnú bóithre i gcónaí, agus ní fheictear go smaoinítear mórán orthu sin a úsáideann cathaoireacha rotha agus ar dhaoine faoi mhíchumas agus na seirbhísí sin á bpleanáil.
- Príomhcheist is ea an córas iompair do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo taisteal go neamhspleách agus gan chúnamh agus ar deacair dóibh sin a dhéanamh ar chuid de na seirbhísí atá ar fáil.
- Tá straitéisí maith dréachtaithe ag an Rialtas agus ag eagraíochtaí neamhrialtasacha, ach níor mhór béim a chur anois ar ghníomhartha ar leith a chinnteodh go mbainfí amach na torthaí atá de dhíth. Dúshlán is ea na cúinsí reatha eacnamaíochta sa mhéid sin.
- Dúirt an grúpa go raibh dóchas acu go gcloífeadh an Rialtas lena ngealltanais do dhaoine faoi mhíchumas, agus go leanfadh an dul chun cinn ar aghaidh ionas go n-aithneofaí 'míchumas' mar cheist a bhaineann le 'cuimsiú sóisialta' seachas ceist 'liachta' amháin.
- Níor mhór aitheantas don obair mhór a dhéanann cúramóirí.
- Sa bhuiséad romhainn, tá súil go gcoimeádfar an cistiú le haghaidh scéimeanna a bhaineann le míchumas agus cúramóirí.

**4.31 Ceisteanna Tosaíochta**

- Níor mhór ceangal inbhraite a chur i bhfeidhm idir an t-oideachas agus an fhostaíocht i dtaca le idirghabhálacha luatha ar nós na scagthástála, trialacha síceolaíochta agus measúnú ar riachtanais speisialta, chun a bheith cinnte go bhfuil na tacaíochtaí cearta á soláthar ag an gcéim luath sin.
- Níor mhór do na tacaíochtaí leanúint ar aghaidh tar éis do dhaoine an scoil a fhágáil, agus ba cheart go n-áireofaí orthu seirbhísí for-rochtana, cúnamh réamhfhostaíochta agus gairmthreoir, roimh agus i ndiaidh cúrsaí coláiste nó na fostaíochta.
- B'fhearr fócas duinelárnach nuair a bhíonn leibhéal agus cineál na dtacaíochtaí á gcinneadh, ná an córas reatha a bhraitear atá measartha 'righin' agus dearcadh 'is againne is fearr eolais' le sonrú air.
- Ba cheart go gciallódh an t-athrú ar fhócas go rachfaí i gcomhairle ar bhealach níos dlúithe agus níos bríche leis an duine faoi mhíchumas agus le baill a dteaghlaigh, chun na tacaíochtaí is fearr a aontú don duine sin.
- Ba cheart do na tacaíochtaí a bheith solúbtha agus éagsúlaithe chun freastal do riachtanais an dá pháirtí (an cúramóir agus an duine faoi mhíchumas). Ba cheart don ghaol idir an duine faoi mhíchumas agus an cúramóir a bheith cosúil le comhaontú foirmeálta ar bhonn conartha mar ar meas frithpháirteach agus solúbthacht is mó atá i réim, mar aon leis an sprioc fadtéarmach de chabhrú leis an duine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách agus faoi dhínit sa phobal.

## 4.32 Roinnt Ceisteanna Ginearálta

- Tá gá le hathrú ar dhearcthaí i leith daoine faoi mhíchumas cé go nglactar leis go mbeidh sé sin deacair a bhaint amach.
- Féadfaidh focail mar 'míchumas', 'bac' nó 'míbhuntáiste' íomhánna diúltacha a thabhairt chun cuimhne. Ba cheart díriú ar 'chumas' agus béim a chur ar an méid is féidir le daoine faoi mhíchumas a dhéanamh chun a saol féin a fheabhsú agus maireachtáil go neamhspleách sa phobal.
- Tá sé riachtanach go bhfaighfeadh daoine a oibríonn leis an bpobal dianoiliúint agus oiliúnóireacht maidir le conas déileáil le daoine faoi mhíchumas. Níor mhór an oiliúint seo a sheachadadh ó mbarr anuas i ngach eagraíocht de chineál seirbhíse chomh maith le gach réamhscoil, bunscoil, meánscoil agus coláiste. Ní mór go ndíreodh aon chineál oiliúna nó cothú feasachta ar an ngá atá le dul i ngleic le ceisteanna maidir le cuimsiú sóisialta chomh maith le nithe níos praiticiúla a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht.




**Ceardlann 4 – Teacht ar Sheirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas**

V

## Príomhthéamaí a tarraingíodh anuas ag an Seisiún Iomlánach Deiridh

5.1 Ag an seisiún iomlánach deiridh, chuir gach rapporteur achoimre ar fáil don fhóram ar na príomhcheisteanna agus na tosaíochtaí a aithníodh ina c(h)eardlann féin. Déantar mionchur síos ar na ceisteanna agus na tosaíochtaí seo i roinn IV thuas. Ina dhiaidh sin, d'iarr an cathaoirleach ar an lucht éisteachta ceisteanna a chur agus tuairimí a chur in iúl.

I measc na gceisteanna a tharraing toscairí anuas bhí an gá atá le daoine a bhfuil taithí acu ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta a chur san áireamh agus beartas sóisialta á phlé agus cinntí á ndéanamh maidir leis. Chuir na toscairí béim chomh maith ar an ngá atá le meas a léiriú ar ról na hearnála pobail agus deonaí sa ghéarchéim reatha eacnamaíochta. D'aontaigh an Cathaoirleach go ginearálta leis na toscairí agus dúirt nach saincheist idé-eolaíoch í seo agus go mbeadh eolas ríthábhachtach ag daoine a bhfuil taithí acu ar bhochtaineacht agus ar eisiamh sóisialta a rachadh chun tairbhe dearadh agus cur i ngníomh beartais.

Tarraingíodh anuas roinnt ceisteanna eile, lena n-áirítear an gá atá le hidirghabhálacha a chuireann idirspleáchas agus cuimsiú sa phobal chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine aosta. D'fhreagair Gerry Mangan é sin nuair a dúirt sé go bhfuil tacaíocht shoiléir ann do bheartais leathana a chinnteodh go bhféadfadh an líon ba mhó daoine fanacht ina gcónaí ina bpobal féin ach níor mhór soláthar speisialta a dhéanamh do na grúpaí leochaileacha sin. Thagairt Mr Mangan chomh maith don tábhacht a ghabhfadh le seirbhísí comhtháite sa mhéid seo. Dúirt sé cé go bhfuil mórchuid foinsí seirbhísí éagsúla ann, chiallódh comhtháthú na seirbhísí sin úsáid níos fearr as acmhainní, cur chun feidhme ar bhealach níos fearr agus beartas níos fearr sa réimse seo ar deireadh thiar.



**An Seisiún Iomlánach Deiridh**

Dhírigh an Cathaoirleach aird chomh maith ar mheabhairshláinte na dteaghlach sin inar cailleadh post le deireanas.  Dúirt an Dr Gaffney go bhfuil fianaise leathan shíceolaíoch ann gur féidir leis an dífhostaíocht, go háirithe an dífhostaíocht lánaimseartha, fíordhroch thionchar a bheith aige ar dhaoine.   Ba chóir béim a chur ar fhorbairt clár oibre um éirim intleachta chun cabhrú le daoine a bheith meabhrach ar a gcuid inniúlachtaí féin agus ar straitéisí chun déileáil le deacrachtaí má chailleann siad a bpost.  Ba cheart an cineál smaointeoireachta seo a chur i bhfeidhm i ngach clár a thabharfar isteach mar tá níos mó i gceist i mbeartas éifeachtach sóisialta ná soláthar agus teacht ar sheirbhísí.

Tharraing roinnt ionadaithe ó thionscadail forbartha pobail údar imní anuas mar gheall ar athruithe a rinneadh ar an gClár Forbartha Pobail a thionscain an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.  Sholáthair an Roinn soiléiriú agus mhínigh gur iarradh ar an Ionad um Sheirbhísí Éifeachtacha scrúdú a dhéanamh ar imeascadh Chlár an Rialtais Áitiúil um Chuimsiú Sóisialta agus an Clár Forbartha Pobail mar struchtúir líomhchóirithe amháin ó 2010 amach.

5.2 Thug Mr Gerrry Mangan, Stiúrthóir an Rannáin um Chuimsiú Sóisialta, srac-chuntas ansin ar na pleananna don Bhliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta (2010).

D'ainmnigh an Coimisiún Eorpach an bhliain 2010 mar an Bhliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta. chun an gealltanas tosaigh polaitiúil a rinne an AE ag tús straitéis Liospóin, Márta 2000, chun "beart suntasach a dhéanamh chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht" a athdhearbhú agus a neartú.

Ceithre phríomhchuspóir atá leis an mBliain Eorpach:

- **Aitheantas** a thabhairt do cheart chun na dínite agus chun lánpháirteachas sa tsochaí daoine atá dearbh-bhocht agus eisiata go sóisialta
- Cur le h**úinéireacht phoiblí** na mbeartas um chuimsiú sóisialta agus béim a chur ar fhreagracht an uile dhuine chun dul i ngleic le bochtaineacht agus le himeallú
- **Sochaí níos chomhtháite** a chruthú, mar a dtuigfidh cách gur chun tairbhe na sochaí ina hiomláine deireadh a chur leis an mbochtaineacht
- **Tiomantas na ngníomhaithe ar fad**, mar go dteastaíonn iarracht fhadtéarmach ag gach leibhéal rialachais chun fíor-dhul chun cinn a dhéanamh.

Is éard atá i gceist i gClár Náisiúnta na hÉireann chun tacú le cur chun feidhme Bhliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta téamaí leathana a léiríonn na tosaíochtaí um chuimsiú sóisialta a leagadh síos Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 agus i dTuarascáil na Straitéise Náisiúnta um Chosaint Shóisialta agus um Chuimsiú Sóisialta (NSSPSI) le haghaidh an AE eadhon: Bochtaineacht Leanaí: Teacht ar Dheiseanna Ardchaighdeáin Oibre agus Foghlama; Teacht ar Sheirbhísí do Sheanóirí agus do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Roghnaíodh chomh maith roinnt téamaí leathana a fhéachfar orthu ina gceann is ina gceann, lena n-áirítear míbhuntáiste uirbeach agus tuaithe, imirce agus mionlaigh eitneacha, Taistealaithe, agus daoine gan dídean. Reáchtálfar dhá sheachtain ar leith a ainmneofar mar sheachtainí um chuimsiú sóisialta i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair 2010, a dhíreoidh go príomha ar thionscnaimh áitiúla, agus a aibhseoidh an cleachtas is fearr ag an leibhéal áitiúil, go háirithe i dtionscnaimh forbartha pobail.

Tá láithreán Gréasáin ar leith ceaptha don Bhliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta (2010) chun eolas ginearálta agus an nuacht is déanai agus na himeachtaí is déanaí a sholáthar i gcaitheamh na bliana.

Seolfar an Bhliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta (2010) go hoifigiúil i Maidrid an 21 Eanáir 2010 agus ina dhiaidh sin seolfar clár na hÉireann an 5 Feabhra i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Tá sé beartaithe go gcuirfidh an Fóram um Chuimsiú Sóisialta ag deireadh na bliana clabhsúr ar an mBliain.

## Focail scoir

5.3 Ar deireadh dúirt an Dr Maureen Gaffney gur tarraingíodh anuas ceisteanna an-dúshlánacha i gcaitheamh an fhóraim agus gur léir go raibh imní ar dhaoine mar gheall ar cad a tharlóidh amach anseo. Ach maolófar an imní sin más féidir a bheith cinnte trí idirphlé agus díospóireacht faoin méid a bheidh i ndán do dhaoine agus dá bpobail.

Thug an Cathaoirleach cuireadh ansin do na rannpháirtithe aon tuairimí eile a chur chuig an ECFE ar an bhfón, le ríomhphost, le facs nó leis an bpost agus d'iarr ar rannpháirtithe na foirmeacha measúnachta a chomhlánú.

5.4 Ghabh sí buíochas ansin leis na rannpháirtithe ar fad as a n-ionchar agus an obair leanúnach atá idir lámha acu le daoine atá bocht agus eisiata go sóisialta. Ghabh sí buíochas chomh maith leo siúd a d'eagraigh an Fóram, in NESDO agus i Rannán um Chuimsiú sóisialta na Roinne Gnóthaí Sóisiala agus Teaghlaigh.

An Rannán um Chuimsiú Sóisialta
An Roinn gnóthaí Sóisialacha
Teach Gandon
Sráid Amiens
Baile Átha Cliath 1